
# Tús Eolais ar Ghlacadh ar Cíos

## An bhfuil cóiríocht á ligean ar cíos agat do mhic léinn?

Faigh an t-eolas atá uait.



An Treoir do Thiarnaí Talún

### 1. Bíodh do chineál tionóntachta ar eolas agat

- **Cóiríocht atá sonrach do mhic léinn:** tithíocht a úsáidtear chun cóiríocht a sholáthar do mhic léinn le linn an téarma acadúil agus chun na críche sin amháin. Áirítear leo sin cóiríocht atá sonrach do mhic léinn a soláthraíonn coláistí, ollscoileanna agus cuideachtaí príobháideacha í. Is faoi shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe atá tionóntachtaí agus ceadúnais i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn. I gcás cóiríocht do mhic léinn atá suite ar champas agus a bhfuil saoráidí comhroinnte aici, ní mór gach ceadúnas aonair a chlárú.
- **Tionóntacht chónaithe phríobháideach:** is comhaontú nó léas é sin idir tiarna talún (ar féidir leis a bheith ina dhuine aonair, ina chuideachta, nó ina iontaobhaí) agus tionónta. Íocann an tionónta cíos mar chúiteamh ar an gceart chun cónaí sa mhaoin.
- **Cóiríocht do mhic léinn atá de stíl 'Lóistín' nó Seomra ar Cíos:** is é atá i gceist léi sin seomra i do theach a ligean ar cíos. Gairtear comhaontú ceadúnais de sin agus tá sé lasmuigh de shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe. Fágann sé sin nach gá iad a chlárú agus nach bhfuil siad cumhdaithe ag an tseirbhís um réiteach díospóidí atá i bhfeidhm ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.
- **Ligin ghearrthéarmacha:** tá siad sin lasmuigh de shainchúram an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe freisin.

### 2. Bí ar an eolas faoin difríocht idir léas agus ceadúnas

Ní leor "ceadúnas" a ghairm de chomhaontú chun ceadúnas a dhéanamh de. Is ag brath ar an socrú iarbhír, ní hamháin ar an ainm, atá an cheist faoi cé acu is léas nó ceadúnas é comhaontú.

Cuireann an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe na nithe seo a leanas san áireamh:

- Cineál an chomhaontaithe.
- Cé acu atá nó nach bhfuil an mhaoin á roinnt leis an tiarna talún.
- An leibhéal rialaithe nó neamhspleáchais a thugtar don tionónta.
- Rún an dá pháirtí.

### 3. Seicliosta le haghaidh tionóntacht mac léinn a bhunú

- **Bain úsáid as ár Seicliosta le haghaidh Tionóntacht a Thosú** chun an tionóntacht a bhunú chun go n-éireoidh léi agus chun aon fhadhbanna níos déanaí a sheachaint.
- **Sínigh comhaontú tionóntachta i scríbhinn:** bain úsáid as ár gcomhaontú tionóntachta samplach (níl an comhaontú tionóntachta samplach sin oiriúnach do thionóntachtaí i gcás cóiríocht atá sonrach do mhic léinn).
- **Faigh éarlais** agus tabhair admháil don tionónta.
- **Déan tuarascáil fardail** le grianghraif dhátaithe de na míreanna atá sa taobh istigh den mhaoin agus den riocht atá orthu sin.
- **Coinnigh taifid shoiléire** ar gach íocaíocht agus ar gach cumarsáid.

### 4. An tionóntacht a chlárú

Ní mór gach tionóntacht phríobháideach agus gach tionóntacht i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe:

- Cláraigh an tionóntacht laistigh de mhí amháin ó dháta tosaithe na tionóntachta.
- Cláraigh an tionóntacht gach bliain ina dhiaidh sin, ar chomóradh lae dháta tosaithe na tionóntachta.

### 5. Rialacha speisialta le haghaidh cóiríocht atá sonrach do mhic léinn

Má sholáthraíonn tú cóiríocht atá sonrach do mhic léinn, beidh feidhm ag na rialacha sonracha seo a leanas:

- **Réamhíocaíochtaí uasta:** ní fhéadfaidh tú a iarraidh ar thionónta ná a cheangal ar thionónta níos mó ná cíos míosa a íoc roimh ré chun tionóntacht a fháil. Tá sé sin de bhreis ar an méid éarlaise.
- **Eisceacht:** Ní fhéadfaidh tionónta níos mó ná cíos míosa a íoc roimh ré agus cíos míosa a íoc mar éarlais le soláthraithe iomchuí áirithe ach amháin má táthar ag íoc cíos agus táillí teagaisc leis an aon soláthraí amháin.

- **Fad na tionóntachta:** Níor cheart socrú tionóntachta nó ceadúnais a bheith níos faide ná 41 seachtain ar fad, mura n-iarrann an tionónta comhaontú níos faide.
- **Clárú:** Tá rialacha clárúcháin difriúla ag tionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn i gcomparáid le tionóntachtaí príobháideacha eile.
- **Deireadh a chur le tionóntachtaí:** Tá roinnt rialacha difriúla do thionóntaí ann maidir le deireadh a chur le tionóntacht i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn.

## 6. Cearta agus freagrachtaí an tiarna talún

Mar thiarna talún, tá cearta dlíthiúla agat agus tá freagrachtaí dlíthiúla ort.

**Do chearta:**

- An cíos a fháil ina iomláine agus in am.
- Eolas a fháil ar cé atá ina gcónaí sa mhaoin, agus cinneadh a dhéanamh ar cé acu a cheadaítear foligean nó sannadh nó nach gceadaítear. Ní cheadaítear foligean ná sannadh i dtionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn.
- Eolas a fháil faoi dheisiúcháin riachtanacha, agus an mhaoin a rochtain trí fhógra réasúnach a thabhairt chun na deisiúcháin sin a dhéanamh.
- Díospóidí a tharchur chugainn má tá an tionóntacht cláraithe go dlíthiúil.

**Do fhreagrachtaí:**

- Ligean don tionónta áitíocht shíochánta agus eisiach na maoine a bheith aige nó aici.
- An cíos a shocrú de réir an dlí cíosa.
- Na deisiúcháin riachtanacha a chríochnú laistigh de thréimhse réasúnach.
- Araidí oiriúnacha a sholáthar le haghaidh bruscair agus dramhaíola lasmuigh den mhaoin, i gcás gur féidir.
- An éarlais a thabhairt ar ais a luaithe is féidir ag deireadh na tionóntachta.
- Do mhionsonraí teagmhála féin nó mionsonraí teagmhála do ghníomhaire a thabhairt do thionóntaí.
- An cíos a shocrú i gceart.
- An tionóntacht a chlárú laistigh de mhí amháin ón dáta tosaithe agus gach bliain ar chomóradh lae an dáta tosaithe.
- Admháil cíosa nó ráiteas cíosa ina n-admhaítear íocaíochtaí cíosa a thabhairt do do thionónta.
- A chinntiú go mbíonn an mhaoin in ordú maith agus go gcomhlíonann sí na caighdeáin íosta.
- Deireadh a chur leis an tionóntacht de réir an dlí, agus fógra cuí a thabhairt.
- Fógra a thabhairt do thionóntaí faoi aon chigireachtaí ar an maoin.

## 7. Rialacha náisiúnta rialaithe cíosa

I gcás fhormhór na dtionóntachtaí cóiríochta príobháideacha agus na dtionóntachtaí cóiríochta atá sonrach do mhic léinn, is é 2% an t-uasmhéadú cíosa bliantúil, nó boilsciú má tá sé sin níos ísle.

Is féidir tionóntachtaí príobháideacha nua a thosaigh ón 1 Márta 2026 a athshocrú chuig cíos an mhargaidh i gcásanna áirithe. Ní féidir cíosanna SSA a athshocrú chuig cíos an mhargaidh go dtí an 1 Márta 2029.

Seiceáil na rialacha náisiúnta rialaithe cíosa a bhaineann le do thionóntacht ag rtb.ie.

## 8. Deireadh a chur leis an tionóntacht

Ní mór do thiarnaí talún agus do thionóntaí fógra i scríbhinn a thabhairt chun deireadh a chur le tionóntacht. Tabhair cuairt ar rtb.ie chun foghlaim faoi na tréimhsí fógra cearta agus faoi conas fógra a thabhairt i gceart.

### An éarlais a thabhairt ar ais

Ní mór duit an éarlais a thabhairt ar ais ina hiomláine a luaithe is féidir ag deireadh na tionóntachta, mura gá duit asbhaintí a dhéanamh i leith cíos neamhíoctha, i leith billí neamhíoctha nó i leith damáiste is mó ná gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt.

## 9. Má théann rudaí amú

Bain triail as labhairt le do thionónta ar dtús. Mura dtagtar ar réiteach, déan teagmháil leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe le haghaidh díospóid a réiteach.

## 10. Imscrúduithe agus smachtbhannaí

Tiarnaí talún a sháraíonn na hoibleagáidí atá leagtha amach thuas, féadfaidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe iad a imscrúdú, smachtbhannaí a ghearradh orthu agus iad a ordú fíneáil suas le €15,000 a íoc, de bhreis ar chostais suas le €15,000.

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi Imscrúduithe agus Smachtbhannaí i gCuid 7A den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 [an tAcht], nó ar an rannán dar teideal 'Comhlíonadh' ar ár suíomh Gréasáin.

## An dteastaíonn tuilleadh cabhrach uait?

Tá an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe anseo chun cabhrú leat. Trí choinneáil ar an eolas agus trí na rialacha a chomhlíonadh, is féidir leat díospóidí a laghdú, tionóntaí a choinneáil, agus tacú le rochtain na mac léinn ar thithíocht shábháilte chóir.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh chuig rtb.ie.

RTB Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board